RÚN (AE) 2023/1828 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0073/2023),

A. de bhrí gurb í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) institiúid bhreithiúnach an Aontais Eorpaigh, a bhfuil sé de chúram uirthi comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú trí léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gConarthaí a mhaoirsiú agus dlíthiúlacht beart arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú;

B. de bhrí go gcabhraíonn CBAE le luachanna an Aontais a chaomhnú agus go n-oibríonn sí, trína cásdlí, i dtreo thógáil na hEorpa;

C. De bhrí go bhfuil dhá chúirt i CBAE: an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta;

D. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

1. ag tabhairt dá haire go dtagann buiséad CBAE faoi cheannteideal Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 7, 'An Riarachán Poiblí Eorpach', arbh ionann é agus EUR 10,7 billiún san iomlán in 2021 (arbh ionann é agus 5,9 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais); ag tabhairt dá haire gurb ionann buiséad an CBAE agus thart ar 4,1 % de chaiteachas iomlán an Aontais ar riarachán;

2. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh an Chúirt Iniúchóirí, ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2021, a sampla idirbheart faoi 'Riarachán' ó 48 in 2020 go 60 in 2021;

3. ag tabhairt dá haire go luann an Chúirt Iniúchóirí go dtugtar le fios leis an obair a rinneadh le roinnt mhaith blianta anuas go mbaineann ceannteideal CAI 7 le caiteachas ísealriosca foriomlán; ag tabhairt dá haire, áfach, nach soláthraítear aon fhaisnéis ábhartha maidir le CBAE sa tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2021 agus á iarraidh ar an gCúirt Iniúchóirí sonraí cuimsitheacha maidir le cur i gcrích na gceanglas uile is gá le haghaidh nós imeachta urscaoilte comhsheasmhach a chur san áireamh sna chéad tuarascálacha bliantúla eile.

4. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt Iniúchóirí aon saincheisteanna sonracha a bhaineann le CBAE;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

5. ag tabhairt dá haire go raibh thart ar EUR 444 milliún sa bhuiséad foriomlán a leithdháileadh ar CBAE do 2021, méadú ó EUR 436 milliún in 2020 agus EUR 429 milliún in 2019;

6. ag tabhairt faoi deara cur chun feidhme ard an bhuiséid in 2021 de 98,69 %, atá ag teacht le cur chun feidhme bhuiséad na bliana roimhe sin de 98,19 %; ag tabhairt dá haire go ndearna CBAE 10 n aistriú buiséid in 2021 de bhun Airteagal 29 den Rialachán Airgeadais, arb ionann é agus EUR 17,9 milliún nó 4 % de na leithreasuithe don bhliain airgeadais sin;

7. ag moladh CBAE as leanúint leis an treocht anuas sa mheán-am íocaíochta arb ionann é agus 24,63 lá in 2021, atá cothrom le laghdú de thart ar lá amháin i gcomparáid le 2020; á chur in iúl gur eol di gurbh é 27,48 lá an meán-am chun sonraisc a bhain le haistriúchán seachtrach a íoc, arb ionann é agus 75 % de líon iomlán na sonrasc a íocadh agus arb é 60 lá an teorainn ama chonarthach ina leith, agus gurbh é 18,92 lá an mheántréimhse chun sonraisc eile a íoc, arb é 30 lá an teorainn ama chonarthach le haghaidh íocaíochta in leith;

8. ag tabhairt le fios go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí uile CBAE in 2021, idir ghníomhaíocht dhlínsiúil agus riaracháin, agus go raibh tionchar ag an ngéarchéim sin ar thomhaltas buiséid i roinnt línte buiséid CJEU; ag tabhairt faoi deara i gcás línte búiséid áirithe, gurbh é laghdú ar úsáid leithreasuithe an glantionchar a bhí ann, agus go raibh caiteachas breise ag teastáil i gcás línte eile; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go ndearna CBAE athbhreithniú ar a plean éigeandála agus leanúnachais gnó in 2021 chun leas a bhaint as an taithí a fuarthas ó phaindéim COVID-19;

9. ag tabhairt faoi deara, i dtéarmaí figiúirí, gur féidir an caiteachas breise a raibh gá leis de bharr phaindéim COVID-19 a mheas ag EUR 1,7 milliún (i measc na gcostas breise a bhí ann, áiríodh ceannach trealaimh agus seirbhísí TF mar gheall ar úsáid ghinearálaithe teilea-oibre don bhfoireann arbh ionann é agus EUR 0,9 milliún, ceannach díghalrán agus trealamh cosanta pearsanta do chomhaltaí agus d'fhoireann CBAE ar ceanglaíodh orthu oibriú i bhfoirgnimh CBAE arbh ionann é agus EUR 0,1 milliún, agus méadú ar chostais téimh mar gheall ar an gcinneadh athnuachan aeir níos minice a dhéanamh i bhfoirgnimh CBAE arbh ionann é agus EUR 0,3 milliún); ag tabhairt dá haire go meastar gur EUR 6 milliún an coigilteas (maidir le línte buiséid a bhaineann le saorléirmhíniú meastar gur EUR 1,1 milliún an coigilteas, maidir le hoiliúint ghairmiúil agus misin meastar gur EUR 1,1 milliún an coigilteas, maidir le línte buiséid a bhaineann le glanadh agus cúram na bhfoirgneamh meastar gur EUR 0,5 milliún an coigilteas, maidir le troscán, earraí inchaite oifige agus gníomhaíochtaí a bhaineann le prótacal meastar gur EUR 0,5 milliún an coigilteas, agus maidir le laghdú ar an gcoigeartú tuarastail go 1,9 % meastar gur EUR 1,2 milliún an coigilteas);

10. á chur i bhfios gur féidir glanmhéid coigiltis a mheas ag EUR 4,3 milliún, rud a d'fhág go bhféadfaí réamhíocaíocht a bhaineann le foirgnimh a mhaoiniú, mar chuid den aistriú fuílleach ag deireadh na bliana, agus é mar aidhm aici ualach airgeadais ar CBAE amach anseo a laghdú;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach

11. á chur in iúl go dtuigeann sí gur ceadaíodh leis na bearta a ceapadh in 2021 chun dul i ngleic le héifeachtaí na paindéime COVID-19 do CBAE leibhéal ardfheidhmíochta a choinneáil, trí leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh, trí úsáid a bhaint as cianobair, teicnící cumarsáide agus córas físchomhdhála lena gceadaíodh éisteachtaí cianda os comhair an dá chúirt; á chur in iúl gur eol di gur bronnadh Gradam an Ombudsman Eorpaigh do Dhea-Riarachán ar CBAE sa chatagóir Sármhaitheas sa Nuálaíocht/Claochlú;

12. ag tabhairt le fios gur tháinig méadú in 2021 ar líon iomlán na gcásanna a tugadh os comhair an dá chúirt (1 720 in 2021 i gcomparáid le 1 584 in 2020) agus ar líon na gcásanna a dúnadh (1 723 in 2021 i gcomparáid le 1 540 in 2020); á chur in iúl go dtuigeann sí go mbaineann an méadú sin go príomha leis an gCúirt Bhreithiúnais agus gur tharla sé go bunúsach mar thoradh ar an méadú suntasach ar líon na n-achomharc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta, a bhaineann leis an méadú ar ghníomhaíochtaí na Cúirte Ginearálta, arb é an chúis atá leis sin an athchóiriú ar gCúirt Ghinearálta a críochnaíodh i Meán Fómhair 2021; ag tabhairt dá haire go bhfuil 29 % de chinntí na Cúirte Ginearálta faoi réir achomhairc chun na Cúirte Breithiúnais;

13. ag tabhairt faoi deara méadú ar mheánré na n-imeachtaí in 2021 (17,2 mí i gcomparáid le 15,4 mí in 2020); ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh meánré na n-imeachtaí ag an gCúirt Bhreithiúnais go 16,6 mhí in 2021 i gcomparáid le 15,4 mhí in 2020, agus gur mhéadaigh sí ag an gCúirt Ghinearálta go 17,3 mí i gcomparáid le 15,4 mí in 2020; ag aontú go bhféadfadh an méadú ar mheánré fhoriomlán a bheith nasctha, go páirteach ar a laghad, leis na bearta a bhaineann le paindéim arna nglacadh chun cumas na bpáirtithe a gcearta a fheidhmiú a éascú trí mhí bhreise a dheonú chun a n-aighneacht i scríbhinn a thíolacadh agus le neamhábaltacht na bpáirtithe taisteal chuig suíomh CBAE i Lucsamburg, rud a d'fhág go raibh céim béil níos faide sna himeachtaí;

14. ag tabhairt dá haire go raibh líon na gcásanna a bhí ar feitheamh os comhair an dá chúirt fós seasmhach in 2021 (2 541 cás, 1 428 os comhair na Cúirte Ginearálta agus 1 113 os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomparáid le 2 542 cás ar an iomlán in 2020);

Acmhainní daonna, comhionannas agus folláine na foirne

15. ag tabhairt dá haire gur tharla athnuachan páirteach shuntasach ar CBAE in 2021, nuair a tháinig naonúr breithiúna nua chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus cúigear breithiúna nua chuig an gCúirt Ghinearálta;

16. ag tabhairt faoi deara, ó mhí Iúil 2022, go bhfuil beirt bhreithiúna ag an gCúirt Ghinearálta in aghaidh an Bhallstáit, cé go bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais fós comhdhéanta de bhreitheamh amháin in aghaidh an Bhallstáit; ag spreagadh CBAE chun leanúint dá hanailís maidir le conas an t-ualach oibre idir an dá chúirt a athchothromú;

17. á áitiú gur gá aghaidh a thabhairt ar an easpa cothromaíochta inscne laistigh de choláiste na mbreithiúna; á chur in iúl gurb eol di gurb iad rialtais na mBallstát a cheapann comhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta de thoil a chéile agus nach bhfuil aon cheart ag CBAE a bheith rannpháirteach maidir le breithiúna nó abhcóidí ginearálta a roghnú, ar an gcaoi chéanna nach bhfuil aon ról ag an gComhairle ná ag an bParlaimint ina leith sin; á chur in iúl gur eol di gur sheol Uachtarán na Cúirte Ginearálta, tar éis glao ón bParlaimint, an 26 Márta 2021, litir chuig Uachtarán Chomhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le dul in éag théarmaí oifige 26 breithiúna de chuid na Cúirte Ghinearálta chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Chúirt Ghinearálta agus cuireadh a thabhairt do rialtais na mBallstát an cuspóir sin a chur san áireamh agus iarrthóirí á n-ainmniú le haghaidh an athraithe ar chuid de na breithiúna, i gcomhréir le haithris 11 de Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle6 ([1]); ag tathant ar rialtais na mBallstát an gá atá le cothromaíocht inscne a chur san áireamh agus breithiúna nua á n-ainmniú acu;

18. ag tabhairt dá haire go raibh 2 247 oifigeach agus ball foirne eile ag CBAE ag deireadh 2021, i gcomparáid le 2 239 ag deireadh 2020, agus ag tabhairt faoi deara go bhfuil a dáileadh ar na catagóirí riaracháin in 2021 comhsheasmhach le dáileadh na blianta roimhe sin (in 2021, bhí an fhoireann comhdhéanta de 59 % oifigeach, 33 % gníomhairí sealadacha agus 8 % gníomhairí ar conradh i gcomparáid le 60 % oifigeach, 32 % gníomhairí sealadacha agus 8 % gníomhairí ar conradh in 2020); ag tabhairt dá haire an ráta ard líonta de 97 % in 2021; ag tabhairt dá haire go bhfanann dáileadh na bpost de réir earnála gníomhaíochta ag leibhéal comhchosúil leis na blianta seo caite, agus beagnach 86 % de phoist atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí dlínsiúla agus do ghníomhaíochtaí teanga;

19. ag tabhairt faoi deara go raibh an dáileadh inscne ar fud na bpost foirne agus bainistíochta in 2021 ar aon dul leis an mbliain roimhe sin; ag tabhairt dá haire gur mná 60 % den bhfoireann a bhí ann ag deireadh 2021 (1 355 ball foirne) agus á chur i bhfios go láidir gur sháraigh CBAE an meán d'institiúidí an Aontais maidir le hionadaíocht na mban i bpoist ardleibhéil laistigh den riarachán (tá 54 % de phoist riarthóra agus 40 % de phoist na meánbhainistíochta agus na hardbhainistíochta ag mná);

20. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go ndéanann CBAE an chothromaíocht gheografach a shaothrú trí iarratais ó Bhallstáit tearcionadaithe a spreagadh, trí fhógraí folúntais a fhoilsiú laistigh den tairseach idirinstitiúideach agus trí oibriú go dlúth le seirbhís um roghnú agus earcaíocht foirne de chuid an Choimisiúin (EPSO) chun féachaint ar bhealaí le hearcaíocht pearsanra a fheabhsú; ag tabhairt le fios go bhfuil an neamhchothromaíocht suntasach fós agus ag spreagadh do CBAE ionadaíocht níos cothroime ó na Ballstáit i measc a fhoireann a shaothrú, go háirithe ó na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2004;

21. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi shainghnéithe mhargadh an tsaothair i Lucsamburg agus á chur in iúl gur geal léi an cur chuige iomlánaíoch a rinneadh agus straitéis nua bainistithe daoine á dearadh, straitéis ina gcuimsítear gach céim de shaolré na hoibre: earcaíocht, forbairt scileanna, oiliúint tosaigh agus leanúnach, scáthfhoghlaim poist agus meantóireacht, seirbhís gairmthreorach a seoladh in 2021, agus deiseanna soghluaisteachta go dtí go ullmhúchán don scor; á chreidiúint go dteastaíonn timpeallacht oibre spreagúil agus dhinimiciúil chun baill foirne thiomanta agus éirimiúla a earcú agus á chur in iúl gur mór aici go ndéantar saincheisteanna a bhaineann leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú a phríomhshruthú trasna na straitéisí a chuirtear i bhfeidhm i riarachán CBAE;

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341, 24.12.2015, lch. 14).

22. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, in 2021, gur chuimsigh gníomhaíochtaí aonad oiliúna agus forbartha CBAE a reáchtálann an chill comhdheiseanna agus éagsúlachta, tionscnaimh shonracha a bhaineann le comhdheiseanna, éagsúlacht agus cuimsiú, amhail rannpháirtíocht ionadaithe comhdheiseanna agus éagsúlachta sna grúpaí oibre idirinstitiúideacha éagsúla sa réimse seo agus, go sonrach, i ngrúpa oibre EPSO maidir le héagsúlacht i nósanna imeachta earcaíochta, gníomhaíochtaí ardaithe feasachta don bhfoireann agus do bhainisteoirí, agus athdhearadh an chláir ionduchtaithe do dhaoine nua chun gnéithe den bheartas éagsúlachta agus cuimsitheachta a chomhtháthú;

23. á chur i bhfios na hionchais arda maidir le toradh an Ghrúpa Ardleibhéil Idirinstitiúideach (HLIG), a bunaíodh in 2020 chun scrúdú a dhéanamh ar réitigh ar dóigh dóibh cur le tarraingteacht Lucsamburg don bhfoireann agus chun teacht ar bhealaí chun borradh a chur faoina tharraingteacht i gcomparáid le cathracha eile ina n-óstáiltear ceanncheathrúna institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais; á chur in iúl gur eol di gur ghlac HLIG tuarascáil i mí an Mheithimh 2021 lena sainaithníodh gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh sna réimsí ábhartha; ag tabhairt faoi deara, i measc na ngníomhaíochtaí sin, gur breithníodh soláthar cóiríochta sealadaí; á iarraidh ar CBAE tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi na gníomhaíochtaí a seoladh chun an togra sin a chur chun feidhme;

24. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú ar líon na gcásanna traochta in 2021 (34 cás measta) i gcomparáid le 2020 (27 cás measta); á chur in iúl gur geal léi go bhfuil níos mó acmhainní imlonnaithe ag CBAE chun cásanna traochta a chosc agus chun obair leantach a dhéanamh orthu trí líon uaireanta a síceolaí comhairliúcháin a mhéadú, trí cheathrú altra breise agus cúntóir a earcú a bhfuil freagracht shonrach orthu as gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chomhordú chun dea-bhail na foirne a fheabhsú agus trí oiliúintí iomadúla a eagrú do bhainisteoirí chun a scileanna bainistíochta a fheabhsú agus chun cabhrú leo an t-ualach oibre a dháileadh go cothrom agus idirdhealú a sheachaint; á iarraidh an athuair ar CBAE leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thionchar an ualaigh oibre atá ag méadú i gcónaí ar leas na foirne agus ag spreagadh úsáid a bhaint as suirbhéanna faoi shástacht na foirne chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionscnamh na faidhbe agus ar thionchar na mbeart a glacadh;

25. ag moladh CBAE as bearta sonracha a ghlacadh chun folláine fhisiceach agus mheabhrach na foirne a áirithiú i bhfianaise na gcoinníollacha cianoibre sonracha a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim COVID-19 in 2021; ag tabhairt faoi deara go n-áirítear leis na socruithe oibre solúbtha atá ar fáil ag CBAE obair pháirtaimseartha, saoire do thuismitheoirí, saoire teaghlaigh, fleisc-am agus teilea-obair, go bhfuil roghanna den sórt sin inrochtana do gach catagóir foirne i gcomhréir le forálacha na Rialachán Foirne, Coinníollacha Fostaíochta na Seirbhíseach Eile agus na cinntí inmheánacha is infheidhme, agus go gcuirfear nuashonruithe ábhartha in iúl go cuí don bhfoireann tríd an inlíon agus trí nuachtlitir inmheánach; á thabhairt chun suntais, áfach, go bhfuil éagothroime fós ann i measc úsáideoirí na socruithe oibre sin i bhfabhar baill foirne ar mná iad: as 205 duine a rinne iarratas ar shaoire do thuismitheoirí, ba mhná iad 163 acu agus ní raibh ach 42 acu ina bhfear, agus as 98 duine a rinne iarratas ar obair pháirtaimseartha, ba mhná iad 87 acu agus ní raibh ach 11 acu ina bhfear; ag athdhearbhú a hiarrata ar CBAE cumarsáid inmheánach éifeachtach a dhéanamh atá dírithe ar na roghanna a thairgtear do gach ball foirne a shoiléiriú níos fearr;

26. ag tabhairt dá haire go raibh tuairim dhearfach ag an bhfoireann go ginearálta maidir leis na dálaí oibre ag CBAE in 2021 le linn phaindéim COVID-19 agus tar éis na paindéime, agus go ndearna CBAE trí shuirbhé foirne agus bainisteoirí in 2020 agus 2021, ag cur san áireamh an tsuim a léiríodh le haghaidh córais roghnaigh bhuain maidir le hobair ón mbaile nuair a cuireadh tús arís le gnáthphatrúin oibre; á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh a glacadh chun feabhas a chur ar choinníollacha do bhaill foirne a oibríonn go cianda, amhail pacáiste na hoifige baile (ríomhaire glúine, scáileán, stáisiún nasctha, luchóg agus méarchlár, gléas cinn agus cathaoir eirgeanamaíochta) agus tacaíocht theicniúil agus an cúnamh teicniúil lena n-áirítear físchomhdháil, tairiscintí oiliúna maidir le módúlachtaí agus straitéisí cianoibre, dea-chleachtais a scaipeadh agus seirbhís teileafóin a shocrú suas trí líonra slán CBAE a chuir cosc ar chostais bhreise teileachumarsáide don bhfoireann;

27. á chur in iúl gur mór aici an aird a tugadh ar mheabhairshláinte na foirne sa tréimhse dianghlasála in 2021, an iliomad cumarsáidí a seoladh ar bhonn rialta chuig an bhfoireann, lena n-áirítear comhairle ar conas déileáil le leithlisiú, teagmhálacha agus faisnéis maidir le cabhair agus tacaíocht a lorg, faisnéis phraiticiúil ar chomhairliúcháin leighis, dea-chleachtais le leanúint agus teileaobair á déanamh, físeáin fhaisnéiseacha ón síceolaí comhairleoireachta ar conas cothromaíocht oibre/saoil a shaothrú le linn na dianghlasála agus an fhéidearthacht seisiúin chomhairleoireachta a bheith ann leis an síceolaí comhairleoireachta;

28. ag tabhairt faoi deara gur earcaigh CBAE 255 oiliúnaí in 2021 agus go bhfuair 173 acu ioncam míosúil; á chur in iúl gur saoth léi gur tháinig laghdú in 2021 ar chéatadán na n-oiliúnaithe íoctha (68 %) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (72 % in 2020); á chur in iúl, áfach, gur geal léi cinneadh leasaitheach a ghlacadh le déanaí, an 29 Samhain 2021, maidir le tréimhsí oiliúna, ar dá réir a chaithfidh CBAE luach saothair a thabhairt do gach duine faoi oiliúint, seachas iad siúd a íocadh ó fhoinsí eile, agus dá réir atá oiliúnaithe i dteideal deontas míosúil a fháil, sa bhreis ar an liúntas taistil ar ráta comhréidh, cosúil leis na cinn arna ndeonú ag institiúidí eile de chuid an Aontais; ag aithint an dul chun cinn atá déanta ag CBAE maidir le céatadán na dtréimhsí oiliúna gan íocaíocht a laghdú agus á iarraidh ar CBAE a áirithiú go bhfaighidh gach oiliúnaí luach saothair cuibhiúil ar leibhéal an luacha saothair a íocann institiúidí eile de chuid an Aontais, ach amháin i gcás oiliúnaithe a íoctar ó fhoinsí eile;

29. ag spreagadh CBAE chun leanúint lena bheartas a bhfuil sé mar aidhm leo bainisteoirí a threorú agus a dhéanamh páirteach i gcosaint fholláine na foirne chomh maith le leanúint le measúnú a dhéanamh ar thionchar an ualaigh oibre atá ag méadú i gcónaí ar fholláine na foirne chun tuiscint níos fearr a fháil ar bhunús na ndeacrachtaí agus chun réitigh fhéideartha a fhiosrú; á chur in iúl gur díol sásaimh di an idirphlé sóisialta idir an lucht riaracháin agus ionadaithe na foirne agus seoladh suirbhéanna a bhfuil sé mar aidhm leo tuairimí na mball foirne a bhailiú ar go leor ábhar ábhartha, amhail an córas teileaoibre agus neamhspleáchas ag an obair;

Creat eitice agus trédhearcacht

30. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur glacadh an cód iompair nua do chomhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta a tháinig i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2021; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go ndíríonn sé go sonrach ar dhearbhuithe leasa na gcomhaltaí, ar féindhearbhuithe fós iad faraor, ar a n-uasdátú tréimhsiúil ag gach athrú ar chúrsaí agus gach trí bliana ar a laghad, agus ar a bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin Curia, ag tosú ó dheireadh na bliana 2021; á chur i bhfáth go bhfuil na forálacha nua dírithe go sonrach ar choinbhleachtaí leasa a chosc agus ag aontú le CBAE go bhfuil an cur chuige docht ceaptha chun muinín an phobail as neamhspleáchas bhreithiúnais an Aontais a neartú;

31. á chur in iúl gur mór aici comhdhlúthú rialacha inmheánacha CBAE lena rialaítear taisteal, misin, gluaisteáin agus úsáid tiománaithe na gcomhaltaí, a leagadh amach roimhe seo i gcinntí comhlántacha éagsúla, in aon chinneadh amháin, a glacadh i mí an Mhárta 2021; á chreidiúint go bhféadfar cur chun feidhme na rialacha a shimpliú dá bharr agus go ndéanfar leis creat níos trédhearcaí; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur foilsíodh, ag deireadh 2021, Curaclaim na gComhaltaí, lena n-áirítear gnéithe breise amhail poist oinigh nó teidil arna mbronnadh mar aon le ballraíocht i bhfondúireachtaí;

32. ag tabhairt dá haire an leibhéal leordhóthanach trédhearcachta atá bainte amach ag foilsiú bliantúil ar shuíomh Gréasáin Curia, ó 2018 i leith, de na liostaí ghníomhaíochtaí seachtracha arna ndéanamh ag comhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus ag comhaltaí na Cúirte Ginearálta araon; á chur i bhfáth go bhfuiltear ag súil go gabhfaidh na comhaltaí orthu féin go hiomlán do chomhlíonadh a gcuid dualgas ag CBAE agus nach féidir leo gníomhaíochtaí seachtracha a dhéanamh ach amháin i gcás ina mbaineann siad le comhlíonadh a gcuid dualgas agus faoi réir údarú roimh ré a dheonú orthu ach amháin i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin comhoiriúnach le ceanglais an chóid iompair agus, go háirithe, leis an oibleagáid a bheith ar fáil do ghníomhaíochtaí breithiúnacha;

33. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an cód iompair nua do chomhaltaí foirne, a rabhthas ag súil leis a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2021, fós sa phróiseas glactha, agus dá bhrí sin á iarraidh ar CBAE an próiseas a chur i gcrích a luaithe is féidir; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé téarma tagartha nuashonraithe agus cuimsitheach a sholáthar don bhfoireann maidir le go leor ábhar íogaire amhail doirse imrothlacha, gníomhaíochtaí seachtracha agus gníomhaíochtaí ceirde tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, agus ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaí an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas go cuí faoin ábhar deireanach agus faoi ghlacadh an chóid iompair nua don bhfoireann;

34. á chur in iúl go bhfuil comhlíonadh na foirne maidir le cúrsaí eiticiúla saothraithe faoi láthair ag CBAE go príomha trí phacáiste oiliúna éigeantach do dhaoine nua, atá inrochtana freisin do chomhghleacaithe atá ag obair ann le fada, agus tríd an oiliúint rialaithe inmheánaigh agus airgeadais (in 2021 eagraíodh 14 sheisiún san iomlán); ag tabhairt dá haire arís an líon teoranta foirne a bhí rannpháirteach ag na seisiúin sin (99 ball foirne as níos mó ná 2 000 ball foirne); á iarraidh ar CBAE rannpháirtíocht na foirne i gcúrsaí oiliúna ar ábhair eiticiúla a spreagadh tuilleadh, suirbhéanna foirne a dhéanamh chun an dearcadh ar an gcreat eiticiúil reatha a fhíorú agus rannpháirtíocht foirne a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi eisiúint treoirlínte ad hoc maidir le húsáid na cumarsáide leictreonaí lena n-áirítear breithnithe a bhaineann leis an gceart chun dícheangail agus le cosaint sonraí pearsanta agus lena leagtar síos rialacha maidir le húsáid, coinneáil agus cartlannú;

35. ag tabhairt dá haire gur chuir baill foirne isteach 96 iarratas ar údarú chun gabháil do ghníomhaíocht ghairmiúil tar éis dóibh CBAE a fhágáil agus gur formheasadh na hiarratais sin ar fad, nár braitheadh aon sárú ar an tréimhse mharana, go bhfuil feidhm ag rialacha sonracha an chóid iompair do rúnaithe dlí maidir le rúndacht agus coinbhleacht leasa maidir le hiarbhaill foirne a fhágann na poist sin, agus go ndearnadh scrúdú ar dhá dhearbhú gníomhaíochta seachtraí le linn saoire ar chúiseanna pearsanta agus gur formheasadh iad;

36. ag tabhairt dá haire go bhfuil a straitéis frithchalaoise nuashonraithe ag CBAE mar chuid lárnach dá beartas bainistithe riosca agus go bhfuil an clár rioscaí bunaithe dá réir agus áirítear ann rioscaí a bhaineann le nádúr íogair ghníomhaíocht CBAE, amhail nochtadh míchuí faisnéise;

37. á iarraidh go gcuirfí deireadh le húsáid cuideachtaí seachtracha a leanann, de réir rangú Ollscoil Yale ([2]), de bheith ag feidhmiú sa Rúis;

Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí

38. á chur in iúl gur geal léi iarracht CBAE dlús a chur le digitiú a cuid gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta agus é a leathnú, sna réimsí breithiúnacha agus riaracháin araon; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb í an aidhm leis sin soláthar tacaíochta dírí a neartú do ghníomhaíochtaí breithiúnacha agus ar an gcaoi sin dul i ngleic leis an leibhéal ualaigh oibre gan fasach, go háirithe ag an gCúirt Bhreithiúnais;

39. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta in 2021 chun an córas comhtháite bainistithe cásanna (SIGA) a fhorbairt, agus na féidearthachtaí a bhaineann leis sin le haghaidh bharrfheabhsú agus uathoibriú níos fearr na gcéimeanna éagsúla maidir le próiseáil cásanna;

40. á chur i bhfios an leibhéal ard cibearionsaithe a fulaingíodh in 2021 i gcomparáid le blianta roimhe sin agus á chur in iúl gur mór aici gur láimhseáladh iad go léir gan tionchar suntasach; ag moladh ról gníomhach CBAE maidir le tacú le tionscnaimh chun an chibearshlándáil a neartú ar fud institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, mar chuid de bhord stiúrtha CERT-EU agus mar bhall den Choiste Idirinstitiúideach um Chlaochlú Digiteach (ICDT); á chur in iúl gurb eol di go bhfuil athnuachan déanta ag CBAE ar a clár feasachta um chibearshlándáil, go bhfuil cúrsa oiliúna éigeantach ríomhfhoghlama maidir le cibearshlándáil forbartha aici dá foireann agus go bhfuil staidéar déanta aici ar 'neamh-iontaoibh' mar chuid den chlár ilbhliantúil um chlaochlú digiteach agus í ag tosú ar an obair, in 2021, ar dhearadh mionsonraithe an ghréasáin nua a ionchorpraíonn 'ailtireacht neamh-iontaoibhe'; ag spreagadh CBAE freisin measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF agus iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a cibearchosaintí a áirithiú;

41. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go n-úsáideann CBAE córais a óstáltar go hinmheánach, bunaithe ar theicneolaíocht foinse oscailte, mar chéad rogha chun a hinneachar breithiúnach íogair a láimhseáil agus a phróiseáil agus, i gcás ina n-imscartar réitigh néalríomhaireachta, go ndéanann CBAE bearta teicniúla speisialta a cheapadh agus go ndéanann sí conarthaí a chaibidil le ceanglais láidre um chosaint agus slándáil sonraí le húdarú an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS), nuair is gá; á chur in iúl go dtuigeann sí go gceadaítear leis an gcur chuige sin do CBAE rialú a choinneáil ar a córais theicniúla, úinéireacht stórála sonraí agus sreafaí sonraí a chosaint, agus dianspleáchas ar aon córais sheachtracha, lena n-áirítear córais institiúidí eile, a sheachaint; ag cur in iúl go neartaítear úinéireacht tríd an mbeartas atá i bhfeidhm maidir le cearta rochtana, trí oifigigh a cheapadh mar bhainisteoirí seirbhíse i bhfeighil ar bhonneagar CBAE, trí fhaireachán leanúnach ar oibríochtaí a áirithiú agus trí dhualgais na bhfoirne forbartha agus dualgais na gcomhairleoirí seachtracha agus na gconraitheoirí seachtracha a scaradh;

42. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil breithniú á dhéanamh ar fhormáidí malartaithe doiciméad agus sonraí níos neodraí a úsáid chun uirlisí oifige 'neamhdhílseánaigh' a chothú agus chun trédhearcacht a fheabhsú; ag tabhairt dá haire, ó mhí Eanáir 2021 i leith, go bhfuil taifead lárnach na ngníomhaíochtaí próiseála ar líne agus go bhfuil rochtain dhíreach ag an bpobal air;

43. á mheabhrú go bhfuil CBAE, mar chuid dá rannpháirtíocht i ngach foghrúpa ICDT, tar éis cathaoirleacht a ghlacadh ar an nGrúpa Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn in 2021; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb é príomhchuspóir an ghrúpa seo, a cruthaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020, cos a choinneáil le forbairtí teicneolaíochta agus cur chuige coiteann maidir leo a chur chun cinn laistigh d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais i réimsí na hintleachta saorga, an bhlocshlabhra, an phróisis uathoibríocha róbatacha agus ríomhaireachta

([2]) https://som.yale.edu/story/2022/over-1000-companies-have-curtailed-operations-russia-some-remain

candamaí; á chur in iúl gur eol di go bhfuil comhchlár idirinstitiúideach á ullmhú ina bhfuil forbhreathnú ar infheistíochtaí, inniúlachtaí atá ar fáil, táirgí atá forbartha cheana féin agus féidearthachtaí athúsáide, agus réimsí comhair amach anseo agus go bhfuiltear ag súil leis go n-áireofaí leis oiliúint i scileanna nua, ailtireacht choiteann chun tacú le comhoibriú sa todhchaí agus bunú lárionad nuálaíochta idir-institiúideach;

44. á chur in iúl go ndéanann sí obair leantach ar rúin roimhe seo maidir le húsáid na hintleachta saorga i gcórais bhreithiúnacha chun iarraidh ar CBAE an urraim is airde ar chearta an duine a áirithiú; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb é príomhchuspóir uirlisí intleachta saorga a úsáid ná anailís a dhéanamh ar théacsanna chun faisnéis a bhaint go huathoibríoch agus chun próiseáil tascanna áirithe a bhrostú; ag tabhairt dá haire gealltanas CBAE go gcuirfear san áireamh na prionsabail maidir le hurraim do chearta bunúsacha, neamh-idirdhealú, slándáil, trédhearcacht, neodracht agus sláine intleachtúil, chomh maith le rialú úsáideoirí, i gcomhréir leis an gCairt Eiticiúil Eorpach maidir le húsáid na hintleachta saorga i gcórais bhreithiúnacha agus a dtimpeallacht; á mheabhrú, ar aon nós, gur cheart d'oibreoir daonna faireachán agus réiteach a dhéanamh i gcónaí ar na cúraimí a dhéantar le cabhair ón intleacht shaorga agus gur cheart iad a bheith 'eiticiúil de réir dearaidh' agus go dtugtar san áireamh leo 'cearta an duine de réir dearaidh'; ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí ar an eolas í faoi mhodhúlacht na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as an intleacht shaorga agus gníomhaíochtaí CBAE á gcur i gcrích;

45. ag tabhairt faoi deara go bhfuil an t-imscrúdú a d'oscail MECS in 2020 ar úsáid seirbhísí gréasáin tríú páirtí ag CBAE (amhail YouTube, Twitter, LinkedIn, Google Play agus Apple) agus an oibleagáid atá ann bunbhrí an rialaitheora chomhpháirtigh a chur ar fáil, fós ar feitheamh; ag tabhairt faoi deara thairis sin gur chuir MECS tús le himscrúdú freisin ar úsáid CBAE as néalsheirbhísí arna soláthar ag Amazon Web Services agus Microsoft faoi chonarthaí soláthair Cloud II agus go bhfuil cinneadh fós ar feitheamh; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí leantacha a rinneadh CBAE chun ailíniú le moltaí MECS;

Foirgnimh agus slándáil

46. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil mhionsonraithe chuig an údarás buiséadach ar phleananna infheistíochta foirgneamh CBAE a dréachtaíodh i gcomhréir le hAirteagal 266 den Rialachán Airgeadais; ag tabhairt faoi deara, ó mhí an Mheithimh 2021 i leith, go bhfuil conradh ag CBAE chun fardal a shócmhainní ailtireachta a bhunú agus chun iad a iniúchadh go córasach, ar leithdháileadh EUR 140 000 air in 2021 agus EUR 230 000 in 2022;

47. ag tabhairt dá haire gur lean CBAE, in 2021, de bheith ina chathaoirleach ar an nGrúpa Slándála Idirinstitiúideach a bunaíodh in 2014 ar thionscnamh CBAE d'fhonn cineálacha cur chuige a chomhchuibhiú, dea-chleachtais a mhalartú, comhoibriú i gcás bagairt shonrach agus chun bunú nósanna imeachta a chomhordú maidir le rialú rochtana ar fhoirgnimh;

48. á chur in iúl gur eol di go bhfuil CBAE ag óstáil oifig EPSO Lucsamburg ina choimpléasc foirgnimh ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith agus ag cur na seomraí cruinnithe ar fáil dó a theastaíonn chun ionaid mheasúnaithe a eagrú d'iarrthóirí ar phoist i Lucsamburg, go háirithe i réimse an aistriúcháin;

49. ag tabhairt faoi deara gur lean an mheitheal idirinstitiúideach um chomhordú foirgneamh i Lucsamburg (GICIL) dá chuid oibre ar bhonn níos annaimhe chun comhchuibhiú chleachtais institiúidí an Aontais atá bunaithe i Lucsamburg a chothú; ag tabhairt dá haire go gcuireann GICIL malartú dea-chleachtais chun cinn i réimse an bhainistithe foirgnimh agus go n-éascaíonn sé comhar idirinstitiúideach i réimse an tsoláthair gáis agus leictreachais chomh maith le seirbhísí cúnaimh theicniúil in earnáil na tógála a ghineann barainneachtaí scála; ag tabhairt le fios gur eagraíodh ceardlann, an 11 Meitheamh 2021, ar choincheapa nua faoina pátrúnacht maidir le dearadh ionaid oibre tar éis na paindéime;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

50. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac CBAE le beartas comhshaoil, atá ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin, agus ag tacú le clárú CBAE i gcóras EMAS (ó 2016) agus a rannpháirtíocht sna coistí comhshaoil éagsúla idirinstitiúideacha ina malartaítear dea-chleachtais comhshaoil agus ina gcuirtear rannchuidithe ar fáil chun comhstraitéisí comhshaoil a mhionléiriú chun astaíochtaí CO_2 a laghdú agus chun sineirgí airgeadais a bhaint amach, eadhon GIME (*Groupe Interinstitutionnel de Management Environmental*, ina dtugtar le chéile comhordaitheoirí EMAS ó roinnt institiúidí Eorpacha nach bhfuil a suíocháin i Lucsamburg amháin) agus ECOnet (Líonra Comhshaoil Idirinstitiúideach comhdhéanta de chomhordaitheoirí EMAS ó institiúidí éagsúla de chuid an Aontais i Lucsamburg a dhéanann idirchaidreamh le Coláiste na nArd-Rúnaithe agus na Cinn Riaracháin i Lucsamburg – CaLux), agus an grúpa oibre idirinstitiúideach um Sholáthar Poiblí Glas a fheidhmíonn san earnáil ghlascheannaigh;

51. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, gur bhain CBAE, in 2021, laghdú suntasach amach ar ídiú leictreachais, uisce agus páipéir, ar dhramhaíl ceaintín agus oifige agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; ag tabhairt dá haire gur tháirg suiteáil réimse iomlán de 3 447 m^2 painéil fhótavoltach 381 586 kWh agus, dá bhrí sin, gur chuidigh sí le soláthar inbhuanaithe fuinnimh a áirithiú; ag tabhairt dá haire freisin gur suiteáladh 32 scairdeán uisce, le linn 2021, a cuireadh i seirbhís in 2022 i gcomhréir le moltaí sláinte na n-oifigeach leighis, rud a laghdaigh tomhaltas buidéal plaisteach aonúsáide;

52. á chur in iúl gur eol di gur féidir laghdú an-ghéar ar astaíochtaí CO_2 (laghdú ó choibhéis 32 747 tona CO_2 in 2010 go coibhéis 11 181 tona CO_2 in 2020) á mhíniú freisin le ráta íseal áitíochta na bhfoirgneamh agus leis an laghdú ar thaisteal a bhaineann le paindéim COVID-19; ag spreagadh CBAE a thomhaltas páipéir a theorannú tuilleadh agus an sprioc de bheith ina institiúid gan pháipéar a shaothrú;

53. á chur in iúl go dtuigeann sí go n-áireoidh CBAE cuspóirí comhshaoil athnuaite chun a lorg comhshaoil a laghdú tuilleadh, i gcomhréir le Clár EMAS do 2022; á chur in iúl gur geal léi an iliomad tionscnamh a ghlac CBAE chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe a foirne agus chun feasacht a ardú ar an ábhar, lena n-áirítear gluaisteáin hibrideacha agus leictreacha a chur chun cinn dá comhaltaí, fóirdheontas le haghaidh iompar poiblí trasteorann bliantúil, agus síntiús saor in aisce don tseirbhís rothar fhéinfhreastail arna bhunú ag Cathair Lucsamburg;

Comhar idirinstitiúideach

54. á chur in iúl gur geal léi tiomantas CBAE cur chuige comhordaithe a aimsiú chun déileáil leis na dúshláin iolracha a bhaineann le paindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur tharla malartuithe maidir leis an straitéis bainistithe géarchéime, faoi chathaoirleacht Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ag cruinnithe Choláiste Cheannairí Riaracháin institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, agus ag cruinnithe CALux le rannpháirtíocht ionadaithe údaráis náisiúnta Lucsamburg;

55. ag tabhairt dá haire an iliomad comhaontuithe atá ag CBAE ar leibhéal seirbhíse leis an gCoimisiún (leis an Oifig um Riar agus Íocaíocht Teidlíochtaí Indibhidiúla agus Oifig na bhFoilseachán), le CERT-AE (i réimse na cibearshlándála) agus leis an bParlaimint agus leis an gComhairle (an t-ualach airgeadais a bhaineann leis an tseirbhís uirlisí ciantástála a roinnt faoi chuimsiú an chreidiúnaithe idirinstitiúidigh do shaor-ateangairí) chomh maith leis an gcomhaontú maoinithe bliantúil le seirbhísí aistriúcháin institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí eile an Aontais chun roinnt uirlisí TF a mhaoiniú; á chur in iúl gur eol di gur leanadh den chomhoibriú faoi chuimsiú an Choiste Idirinstitiúidigh um Aistriúcháin agus Ateangaireacht agus laistigh dá Choiste Feidhmiúcháin um Ateangaireacht agus dá Choiste Feidhmiúcháin um Aistriúchán;

56. ag tabhairt dá haire, agus gur díol sásaimh di é, go gcomhoibríonn CBAE freisin leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le MECS agus leis an Ombudsman Eorpach, agus go ndéantar malartuithe gníomhacha le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIEP) d'fhonn eolas a roinnt, lena n-áirítear tairiscint oiliúna do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí CBAE, i gcomhréir leis an meabhrán tuisceana, a bhfuil caibidlíocht á déanamh air faoi láthair agus a bhfuil sé mar aidhm leis comhar níos láidre a chothú idir CBAE agus OIEP;

57. á chur in iúl gur geal léi saothrú na ngníomhaíochtaí ag Líonra Breithiúnach an Aontais Eorpaigh, a rannchuidigh leis an gcomhar idir CBAE agus na cúirteanna náisiúnta a chothú agus a éascú, go háirithe i réimsí an taighde dhlíthiúil, na téarmaíochta ilteangaí agus na nuálaíochta teicneolaíche;

Cumarsáid

58. á athdhearbhú a hiarrata ar CBAE a iarrachtaí cumarsáide a mhéadú chun an nasc le saoránaigh a neartú, trí thrédhearcacht níos fearr a fhormhuiniú ina chuid oibríochtaí, trí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a dhianú agus trí straitéis chumarsáide a shaothrú lena ceadaítear an dearcadh ceart agus an tuiscint cheart ar ról CBAE agus ar an mbealach a luíonn sé le fís an Aontais;

59. á thabairt dá haire go raibh buiséad EUR 510 500 ann le haghaidh gníomhaíochtaí cumarsáide poiblí agus cur chun cinn in 2021, lena gcumhdaíodh táirgeadh foilseacháin inmheánacha agus sheachtracha (e.g. tuarascálacha bliantúla), ábhair físe, ábhair chur chun cinn do chuairteoirí, faireachán ar na meáin agus ábhair shonracha do ghairmithe dlí nó don phreas agus na meáin;

60. ag tabhairt faoi deara gur úsáideadh físchomhdháil le haghaidh 131 éisteacht os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais in 2021, agus gur foilsíodh 231 preasráiteas le haghaidh 3 206 leagan teanga éagsúla ar shuíomh gréasáin Curia, gur díríodh ar 601 nuachtlitir sheachtainiúil nó choicísiúil do na meáin agus do ghairmithe dlí chun faisnéis ar an láthair a sholáthar, feasacht a ardú ar chásanna tábhachtacha agus na cinntí a rinneadh a mhíniú, agus gur scaipeadh 630 feasachán tapa faisnéise ar chásanna nach raibh clúdaithe ag preaseisiúintí;

61. ag tabhairt le fios go raibh 6,1 milliún cuairteoir agus 25,3 milliún amharc ar leathanaigh ag suíomh gréasáin Curia in 2021; ag tabhairt chun suntais ról méadaitheach e-Curia mar thairseach do chumarsáid idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, ar thaobh amháin, agus na páirtithe agus a n-ionadaithe, ar an taobh eile; á mholadh go ndéanfaí feidhmiúlachtaí e-Curia a fhorbairt tuilleadh;

62. á chur in iúl gur cuireadh isteach beagnach 90 % de na doiciméid nós imeachta go léir a taisceadh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta in 2021 trí úsáid a bhaint as e-Curia; á thabhairt chun suntais go raibh ráta úsáide e-Curia 85 % os comhair na Cúirte Breithiúnais agus 93 % os comhair na Cúirte Ginearálta (i gcomparáid le 79 % agus 95 % faoi seach in 2020); á chur i bhfios go láidir gur tháinig méadú breise ar líon na gcuntas a osclaíodh os comhair an dá chúirt ó 7 378 ag deireadh 2020 go 8 212 cuntas sa bhliain ina dhiaidh sin; ag tabhairt faoi deara nach raibh ach 45 cuntas oscailte ag cúirteanna náisiúnta ag deireadh 2019, gur shroich siad 121 ag deireadh 2020 agus gur tháinig méadú breise orthu go 223 faoin 31 Nollaig 2021, rud a thugann le fios go bhfuil muinín forleathan ag úsáideoirí in úsáidí agus in iontaofacht e-Curia; á chur in iúl gur geal léi go raibh tionchar suntasach ag tabhairt isteach e-Curia in 2011 ar chostais poist, a bhfuil laghdú thart ar 85 % tagtha orthu le linn na tréimhse 2011-2021;

63. ag cur in iúl láithreacht mhéadaithe CBAE agus líon na leantóirí ar na hardáin mhóra agus ar líonraí sóisialta (Twitter agus LinkedIn ach freisin ar ardán Mastodon) agus cumarsáid shaincheaptha a ullmhú do ghairmithe dlí trí Bhileoga Eolais agus an Achoimre Mhíosúil Cásdlí;

64. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil CBAE rannpháirteach go gníomhach i dtionscadal EU Voice a sheol MECS chun idirghníomhú leis an bpobal, agus a bhfuil sé beartaithe aige úsáid líonraí sóisialta díláraithe, saor in aisce agus foinse oscailte a chur chun cinn mar rogha malartach ar na líonraí dílseánaigh;

65. á athdhearbhú a hiarrata ar CBAE trédhearcacht a fheabhsú trí réitigh nuálacha a ghlacadh chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le seachadadh breithiúnas agus éisteachtaí a shruthú, a chuaigh isteach i gcéim phíolótach ag tús 2022, bunaithe ar obair theicniúil a rinneadh in 2021, leis na céad éisteachtaí ó Mhór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais a sruthaíodh ó Aibreán 2022 i leith;

66. ag moladh tiomantas CBAE don ilteangachas agus ag aontú gur ábhar é aghaidh a thabhairt ar gach dlíthí agus ar gach saoránach ina theanga féin chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga an Aontais a chosaint agus gur ábhar é a bhaineann le héifeachtacht, inrochtaineacht agus dlisteanacht chóras ceartais an Aontais;

67. ag cur béim ar a thábhachtaí atá obair CBAE chun aghaidh a thabhairt ar ábhair lena gceistítear bunsmaoineamh an tionscadail Eorpaigh agus a bhunluachanna agus a phrionsabail; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cinntí CBAE, go háirithe ag tagairt do chomhlíonadh an smachta reachta; á chur in iúl gurb eol di iarmhairtí forleathana a cinntí;

68. á chur in iúl gur geal léi thionscnamh CBAE chun clár cuairteora fhíorúil a thairiscint do shaoránaigh Eorpacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tionscadal píolóta leathnaithe faoi láthair chuig gach dalta meánscoile san Aontas agus go bhfuil sé mar aidhm aige éagsúlú a dhéanamh amach anseo trí chláir a fhorbairt atá dírithe ar chineálacha eile lucht féachana; á chur in iúl gur geal léi go raibh baint ag oifigeach cosanta sonraí CBAE ó thús na tréimhse phíolóta.

69. ag tacú leis an iarraidh ón tsochaí sibhialta ([3]) go ndéanfaí éisteachtaí CBAE a bheoshruthú ar a suíomh gréasáin, ós rud é gur cleachtas é atá ag roinnt cúirteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta cheana féin, amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine.

([3]) https://thegoodlobby.eu/campaigns/open-letter-to-the-president-of-the-court-of-justice-of-the-european-union-asking-for-eu-courts-to-live-stream-their-public-hearings/